

Ingne Dearga Dheaideo

PÁDRAIC BREATHNACH



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2005
© Cló Iar-Chonnachta 2005

ISBN 1 902420 93 4

Dearadh clúdaigh: Creative Laundry
Dearadh: Foireann CIC



Tugann Bord na Leabhar Gaeilge
tacaíocht airgid do Chló Iar-Chonnachta



Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593251/593157

do mo ghrá geal, Anne

Leis an údar céanna

Bean Aonair, Clódhanna Teo., 1974

Buicéad Poitín, Clódhanna Teo., 1978

An Lánúin, F.N.T., 1979

Na Déithe Luachmhara Deiridh, Clódhanna Teo., 1980

Lilí agus Fraoch, Clódhanna Teo., 1983

Maigh Cuilinn: a Táisc agus a Tuairisc, Cló Chonamara, 1986

Ar na Tamhnacha, Clódhanna Teo., 1987

Taomanna (caiséad & leabhrán), Cló Iar-Chonnachta, 1990

Gróga Cloch, Cló Iar-Chonnachta, 1990

Íosla agus Scéalta Eile, Clódhanna Teo., 1992

The March Hare & Other Stories, Cló Iar-Chonnachta, 1994

An Pincín agus Scéalta Eile, Cló Iar-Chonnachta, 1996

As na Cúlacha, Cló Iar-Chonnachta, 1998

Clár

Anam Mná	9
Otharchara	21
An Máistir Nua	31
Ardcheannfort	39
Brionglóid	54
Gorsedd	60
Mac Léinn	64
Scéal Thaidhg	80
Iníon	93
An Gabháltas	104
An Céideach	116
An Scolbadóir	125
I nDilchuimhne ar . . .	134
M'Uncail Máirtín agus Cailleacha Mheiriceá	144
An Malrach agus an Chearc	154
Maidhc Eoghain	162
An Bhaintreach Amscaí	175

Anam Mná

Deireann daoine linn go bhféadfaimis gasúr eile a bheith againn, ach ní réitíonn an chaint sin chor ar bith liom. Táim bunáite ceathracha bliain d’aois, agus sílim go mbeinn róshean; bheadh faitíos orm, cé go raibh i gceist againn an chéad uair an dara gasúr a bheith againn.

Pé ar bith é, ní réiteodh gasúr nua ár gcás. Tá gasúr básaithe, gasúr a dtugamar beatha agus grá di.

Arbh agairt ó Dhia é faoi muid a bheith in éindí chomh fada gan cuing an phósta a dhul orainn, faoi muid a bheith ag fuireach go mbeimis réidh? Cé gur smaoineamh é sin a ndéanfainn magadh faoi tráth, a ndéarfainn é a bheith seafóideach, ní fhéadaim é a chur as mo cheann anois. Brian is mé féin, bhíomar inár leannáin mheánscoile ach go ndeachamar ar ball ar ár mbealaí féin i ngeall ar ár n-uailmhianta gairme; go dtí gur chasamar ar a chéile arís agus go ndeachamar chun cónaithe le chéile agus gur cheannaíomar an teach mór seo ar gheall le teachtaireacht ó Dhia chugainn é, dar linn, an chaoi a dtáinig sé ar an margadh.

Áras Seoirseach dhá urlár, mar a fheiceann tú, siléar nó íoslach faoi, seandacht agus stair ag gabháil leis, ascaill fhada go dtí é, fáibhilí móra maorga ó gheata go bán, é ar chnocán aoibhinn i ngar do shráidbhaile álainn. Suíomh níos deise ní raibh ann, scór míle ó lár na hardchathrach. Agus cé go raibh droch-chuma go maith air, toisc é a bheith bánaithe le píosa, mheall an dá fhuinneog mhóra Fhrancacha láithreach muid, arae chonaiceamar gur scal an

t-uafás solais isteach tríothu, agus is duine é Brian, agus mise freisin, ar breá linn an t-athchóiriú.

Tráthnóna i ndiaidh tráthnóna, deireadh seachtaine i ndiaidh dheireadh seachtaine, bhíomar ar ár mbionda ar nós béabhar ag stróiceadh amach idir sheanbhrait urláir is seantaipéisí balla, idir sheanspiaraí adhmaid is phéint is vearnais, muid ag imeacht ó sheomra go seomra; ón seomra fáiltithe go dtí an seomra suite go dtí an seomra bia, go dtí na seomraí leapan, á gcóiriú amach ar a mbealach suntasach féin.

Aislingí go leor againn. Chruthaíomar oifig is stiúideo nua; chuireamar caoi ar na cróite agus ar na stáblaí; na seancheapóga blátha, an clós agus an bán, thugamar chun foirfeachta arís iad.

Nuair a bheadh chuile shórt ina shea, bheadh áilleacht mhór ann, earrach, samhradh, fómhar, agus geimhreadh. Agus bheadh cúram orainn, beirt ghasúr áille – buachaill agus cailín – ag spraoi, ag dreapadh na gcrann agus ag imirt folach bhíog.



B'iontas liom a éasca is a thosaíos ag iompar ón uair a shantaíos sin. Bhínn ag tógáil an phiolla, agus óir go gcomhairlítí nár chóir a dhul ag iompar de dhoirte dhairte théis a bheith air sin, bhain Brian úsáid as coiscín ar feadh achair.

Ní fhéadfainn a chreistiúint a ríméadaí is a bhíos go rabhas ag iompar. Ba mheasa mé ná buinneán óg agus d'fhógraíos an dea-nuaíocht do Bhrian ar an gcaoi ba rómánsúla: thugas cuireadh amach go dtí trá Chill Iníon Léinín dó. Chuamar amach sa charr, cé go raibh brath agam an chéad uair a dhul ar an traein.

Bhíos gléasta i ngúna fada scuabach, a réitigh le mo chuid gruaige fada scuabtha, agus bhí tamall caite againn ag spaisteoireacht, lámh ar lámh, cosnochta ar an trá, muid ag cur ár gcós sa ghaineamh agus san uisce, nuair a threoraíos ar ball é le dhul a shuí ar phlásóg aerach féir.

“Tá nuaíocht agam dhuit,” a dúras.

Rinneas meangadh glé leis. Ansin shíneas boiscín beag chuige ina raibh teidí bídeach agus nóta beag: ‘Haigh, a Dheaide’. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an solas a tháinig ina shúile. Rug sé barróg orm, phógamar a chéile, ba mheasa ná déagóirí muid. D’fháisceamar.

“Ná fáisc róchrúa anois mé,” a dúras go magúil.

Bhí báid ar an bhfarraige, bhí faoileáin ag faoileáil, bhí aoibhneas san aer; bhéarfaí ár leanbh sa nead ba chompóirtí.

Bhí Brian i láthair nuair a rugadh Siobhán go nádúrtha, gan instealladh nó tada, ina páiste álainn foirfe.

Cé go raibh páistí máithreacha eile a bhí liom ag caoineachán agus ag béicíl, luigh Siobhán go socair ina cliabhán le m’ais, mé ag faire ar chuile chorraí is luail aisti. D’fheicinn a súile agus a béal ag corraí, agus bhínn ag fiafraí díom féin an raibh sí ag brionglóidigh, nó cé na smaointe a bhí ina cloigeann. Ní raibh luail dá cuid nár chuir ríog áthais trí mo chliabh, nár chuir drithlín sásaimh trí mo chraiceann, agus amanta bhínn ag súil go ndúiseodh sí as a suan go labhróinn léi.

Amanta dhéanadh sí a beola a oibriú go tréan, agus dhéanadh sí torann chomh hard go ndéanainn í a ardú i mo bhaclainn agus go dtugainn an chíoch di fad is a bhí sí fós ina codladh; agus dhéanainn cogarnaíl ina cluais ag inseacht di a bhródúla is a bhíos aisti, a uaibhrí is a bhíos go mba mé a máthair.

Cibé céard a tharla dom le linn dom a bheith ag iompar – ní móide go dtuigfidh mé go deo é – ach tháinig claochló orm. Ba í mo chuid oibre mo shaol go dtí sin. Bhí post údarásach agam, agus bhíos uailmhianach. Bhí arduithe céime faighte agam. Bhí tuarastal ard á shaothrú agam. Bhí buiséad mór airgid agam le caitheamh. Bhí ceannas agam. Bhínn ag dul go dtí cruinnithe. Bhínn ag taisteal i bhfad is i gcéin mar chuid de mo ghnó, ag cur fúm in óstáin, daoine ag freastal orm. Bhí muinín ag daoine asam, agus bhí muinín agam asam féin. Bhí mo mhuintir bródúil asam, agus bhínn ag filleadh abhaile orthu. Fiú amháin nuair a chuaigh Brian agus mé féin ag maireachtáil le chéile, ní ghéillfinn orlach dó. B'éigean domsa oifig a fháil má bhí seisean le stiúideo a bheith aige.

Ach d'athraigh cúrsaí an-sciobtha nuair a bhí Siobhán i mo bhroinn. Go tobann bhíos ag fiafraí díom féin céard le haghaidh mo shaol driopásach. A bheith i mo mháthair mhaith, b'in a theastaigh uaim feasta. Bhínn ag fiafraí díom féin cén cineál páiste a bheadh inti, cé mar a d'fhásfadh sí suas.

Seachas saoire máithreachais a thógáil, bhíos ag beartú ar éirí scun scan as mo phost, ach áitíodh orm foighid a dhéanamh. D'iarras sos gairme bliana.

Ba í Siobhán mo shaol. Bhí aoibhneas agus síocháin dhochreidte bronnta aici orm. Bhí na múrtha grá agam di agus, murab ionann is daoine eile, creidim, bhíos lán fuinnimh.

An t-am a rugadh Siobhán, bhí mo Mhamó sna nóchaidí. Cé go raibh sí tinn, theastaigh uaim go bhfeicfeadh sí a hiarmhó iníne, theastaigh uaim go ndéanfadh sí í a fháisceadh lena cliabhrach.

Tá gairdín fada ar chúl theach mo Mhamó, mar a bhfuil

crainnte agus sceacha ag cur, a mbíonn froganna ann agus a dtagann gráinneoga isteach ann, agus theastaigh uaim Siobhán a thabhairt síos ann. Bhínn féin ag spraoi ansin. D’insíodh Mamó agus Deaideo scéalta dom faoi shíoga agus faoi shíofraí, agus d’éirínn go moch ar maidin, agus ghabhainn síos go dtí bun an ghairdín ag súil le féirín. Chuardaínn i measc na sceach agus na nduilleog dreoite mar nár bh fhios cén mhaidin a bhfaighinn beartán beag. Dhreapainn suas crann mór ard go bhfeicfinn an ghrian ag éirí, go bhfeicfinn í ag damhsa. Agus dúirt Mamó liom go bhfacas ag damhsa í, maidin Dhomhnach Cásca, in aois mo bhliana dom, mé i mo luí i mo chliabhán, gléasta i ngúna fada bán, an ghrian ina liathróid chruinn dhearg ag damhsa go meidhreach ag íor na spéire. Go bhfaca sí féin amhlaidh í ina páiste di, agus bhíos meáite go bhfeicfeadh Siobhán freisin í.

Ar an traein go dtí mo Mhamó, mé ag breathnú amach ar na páirceanna, d’airíos chomh saor le héan, chomh hóg le gearrcach ag eitilt den chéad uair. Ar chúis éigin cuireadh stop ar an traein in áit éigin i lár na tuaithe, taobh le heanach locha mar a raibh an draoi éanacha: ealaí móra bána; lachain fhiáine; cearca uisce; cearca ceannanna – iad á mbeathú féin ar a suaimhneas nó ag leadaíocht díomhaointis. Ba iad na cearca uisce lena ngob oráiste, gona gcosa caola, gona gclúmh lonrach dorcha ba mhó a dtugas suntas dóibh.

“Breathnaigh!” a bhíos ag rá le Siobhán. “Breathnaigh!”

Mé ag tabhairt faoi deara go raibh na cearca ceannanna ag cur na ruaige ar na cearca uisce ba lú ná iad.

“Breathnaigh! Breathnaigh!”

Agus creidim gur bhreathnaigh, gur thug sí rudaí faoi deara, gur thuig sí céard a bhíos ag rá. Agus bhíos chomh

ríméadach. Mé ag samhlú Shiobhán ina gearrcach dearg, mé féin ar mo chéad ál.

Chodail Siobhán go sámh tigh Mhamó an lá sin.



Ba é an bealach a bhí againn gur éirigh mise go luath. D'fhanadh Brian sa leaba go dtí an nóiméad deiridh, ag diúgadh chuile ala as an oíche. Scaití bhínn bearránach leis, ach ní rabhas éadmhar.

Thugainn an chíoch do Shiobhán agus dhiúgadh sí go tapaidh, bainne ag sileadh ina shrutha síos a smig agus ina phisilíní óna béal. Cneada beaga sásta geonaíola uaithi ar nós coileáin óig. Ba nóiméid neamhaí agamsa an t-am sin, mo lámha timpeall a colainne bige teo, mé ag gabháil buíochais le Dia. D'fhágfainn ag diúl í go mbeadh sí ar meisce le bainne, chomh súgach sin go mba dhoiligh di a géaga a aclú. Thugainn isteach sa leaba liom féin ansin í, agus dhéanaimis míogarnach go headra.

Dhéanainn í a níochán thart ar a sé a chlog chuile thráthnóna. Dhéanainn iarracht a chinntiú í a bheith san fholcadán agam sula dteastódh bainne cíche uaithi, ach níor éirigh sin liom i gcónaí. Agus bhí amanta ann a mbíodh sí ag screadaíl chaointe, ach níor liges riamh dá cuid screadaíola mé a stopadh, agus a luaithe is a bheadh sí san uisce bogthe, ghabhfadh sí chun suaimhnis. Ar go leor bealaí b'eo í an tréimhse ab fhearr den lá, í ina luí ansin sa tobán, a cuid súl ar lánoscailt ag dearcadh aníos orm. B'aoibhinn liom an chaoi a mbíodh sí ag breathnú in airde sna súile orm.

Buíochas le Dia, bhaineas mo ghaisneas as chuile lá. B'annamh a chuir sí frustrachas orm, agus níor éiríos riamh

cantalach léi. Ar an gcaoi sin níl aon aiféala orm. Tá an sásamh agam go ndearnas mo chion di.

Pé ar bith é, mar cheiliúradh ar ár dteach nua agus ar chéad lá breithe Shiobhán, thug Brian is mé féin cuireadh chuig cóisir tí do roinnt cairde linn. Chinneamar ar fheoil gé, agus liamhás ina teannta, mar go raibh géabha ar a bhfeilm ag muintir mo Mhamó, agus bhí an stócáil agus an réiteach á dhéanamh againn de réir a chéile.

Ba é an Satharn é, agus ainneoin a raibh déanta roimh ré againn, bhíomar fós féin an-chruógach ar an lá le cúrsaí oighinn, an bheirt againn ag scamhadh fataí, ag réiteach milseoige, ag fáil im branda faoi réir, ag fáil *fruit salad* faoi réir; sceanra, gréithre, naipcíní, gloiní, coinnle, tine á cur síos, oiread sin réitigh bhreathnaigh sé nach mbeadh deireadh go deo leis; agus aire le tabhairt do Shiobhán san am céanna agus, thar lá ar bith, bhí sí cantalach.

Bhí uaim an chíoch a thabhairt di, agus bhí uaim scíth bheag a bheith agam dom féin agus a bheith nite gléasta arís in am. Bhí comhairle curtha agam ar Bhrian: bhí seo siúd le déanamh aige, conadh a choinneáil leis an tine agus dóthain eile a bheith istigh aige agus gan dearmad a dhéanamh ar an teas lárnach agus míle rud eile.

Cé go raibh Siobhán caointeach, sách suarach inti féin agus nach raibh sí an-díograiseach i mbun a beatha, níor thógas oiread sin cinn di. Thugas an deochán di le go ndéanfainn féin beagán codlata, agus nuair a tháinig na cuairteoirí, thugas cead di ‘haló’ a rá leo, cé nach raibh sí ag déanamh ach ag bogchaoineachán agus a héadan luisnithe, agus thugas buidéal bainne di, cuid de mo bhainne féin a bhí curtha i dtaisce agam, cé go raibh bainne na bó á fháil aici freisin ó bhí sí na ceithre mhí d’aois.

Luascas a cliabhán agus tháinig suaimhneas uirthi.

Thíos staighre lean an chóisir ar aghaidh faoi lán seoil: idir chomhrá, ithe is ól, idir mheidhir is mheisce – déarfainn nár óladh oiread fíona le fada; déarfainn nach ndearnadh oiread gáire. Bhí sé ina mhaidneachan nuair a d'imigh na cuairteoirí abhaile, agus sheas Brian is mé féin ag an bhfuinneog mhór agus chanamar.

Ansin chuamar suas staighre agus thiteamar isteach sa leaba, agus tamall ina dhiaidh sin, d'airíos mar a bheadh geonaíl bheag ar siúl ag Siobhán, agus lean an gheonaíl ar aghaidh idir amanta. D'éiríos gur bhreathnaíos isteach uirthi. Chasas an solas ar siúl, agus b'in nuair a thit an drioll ar an dreall orm mar go raibh a fhios agam ar an bpointe nach raibh sí ar fónamh, óir chonaiceas spotáí beaga grís ar a craiceann, agus bhí bruth uirthi.

Ghlaoigh Brian ar an ospidéal, agus dúradh go gcuirfí otharcharr amach. “Láithreach!” a dúras le Brian.

Thograíos ansin go labhróinn féin leis an té a bhí ar an nguthán, agus d'fhiafraíos céard ba cheart a dhéanamh. Bhí trína chéile orm. Dúradh liom stuaim a choinneáil, go mbeadh otharcharr ar an mbealach.

“Láithreach!” a screadas.

B'fhada liom go dtáinig an t-otharcharr. Bhíos ag áiteamh ar Bhrian a charr féin a thógáil.

Bhí Siobhán ag diúl an deocháin go socair, a súile dúnta aici. Mheasas í a bheith ag éalú uaim. Bhí an focal ‘meiningíteas’ ag réabadh trí m'inchinn.

Tógadh Siobhán uainn, agus dúradh linn fanacht sa seomra feithimh agus go dtabharfaí cupán tae isteach chugainn.

Tháinig altra isteach, ag rá go bhféadfaimis a dhul isteach sa bharda. Bhí Siobhán ag luí ansin ar nós marbháin.

“Meiningíteas?” a d'fhiafraíos.

Bhíos i mo bhambairne. Bhí an dochtúir sleamhnaithe leis i ngan fhios dom. Dúirt an t-altra go bhféadfaimis fanacht ar feadh tamaill. Dúirt sí go mb’fhearr fanacht socair.

D’fhanas ann i gcaitheamh an lae ar fad. Bhí altraí agus dochtúirí isteach is amach, agus bhínn ag cur ceisteanna orthu. Ba bheag bíog a bhí as Siobhán, agus nuair a d’ardaítí í, bhí sí ar nós bábóige gan bhrí.

Am éigin i gcaitheamh na hoíche thit mo chodladh orm. Ach nuair a dhúisíos, ní raibh aon Siobhán ann. “Cá bhfuil Siobhán?” a d’fhiafraíos. Dúirt an t-altra go raibh scéala curtha go dtí m’fhear céile.

“Bhfuil Siobhán básaithe?” a d’fhiafraíos.

Dúirt an t-altra go labhródh an dochtúir liom féin is le Brian in éineacht, go mbeadh Brian i láthair gan mhoill. D’fhiafraigh sí díom ar mhaith liom cupán tae. Chuir a réchúis buile orm.

Bhíomar dár gcur abhaile i dtacsaí. Bhí Brian ag fiafraí den tiománaí faoin Óstán Grosvenor – an raibh an t-óstán sin fós ann? An tiománaí ag rá le Brian go mb’iomaí sin oíche thaitheamhach a chaith sé ag damhsa ann ina fhear óg dó. Chuir a gcuid cainte fearg orm. Níor mé ar dhrochbhrianglóid a bhí orm féin. Chonaiceas maor tráchta ag teanntú cairr. Mura raibh d’imní ar an té sin ach a charr a bheith teanntaithe, nár ríméad dó.

Dhiúltaigh an tiománaí glacadh lena tháille.

Arbh fhéidir go mb’fhíor go raibh Siobhán básaithe? Bhí a cuid éadaigh ar crochadh ins chuile áit, agus bhí bréagáin léi timpeall na háite. Bhorra samhnas uafásach ionam nuair a chonaiceas na gréithre agus na gloiní salacha.

D’fhiafraigh Brian díom an ólfainn cupán tae. Bhíos i mo shuí agus i mo sheasamh. Thosaigh Brian ag ní na ngréithre. Bhorra ríog feirge arís ionam.